An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Treoirnóta:

## Cosaint Sonraí san Áit Oibre:

## Treoir d'Fhostóirí

**Aibreán 2023**

# Clár Ábhar


**Réamhrá** .......... 3

**An Sonraí Pearsanta iad na Sonraí?** .......... 3

**Oibleagáidí agus Freagrachtaí an Fhostóra** .......... 5

**(a) Prionsabail Ghinearálta** .......... 5

Dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht .......... 5

Teorannú de réir cuspóra .......... 5

Íoslaghdú sonraí .......... 6

Teorannú stórála .......... 6

Sláine agus rúndacht .......... 6

**(b) Bunúis Dlí** .......... 7

Ceanglas an Riachtanais .......... 8

Toiliú .......... 8

Conradh .......... 8

Oibleagáid dhlíthiúil .......... 9

Leasanna Ríthábhachtacha .......... 10

Cúram a chuirtear i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail .......... 10

Leas dlisteanach .......... 10

Sonraí pearsanta catagóire speisialta Airteagal 9 .......... 11

**(c) Sláinte Cheirde** .......... 11

**(d) Beartais Fostóirí agus Faireachán a Dhéanamh ar Fhostaithe** .......... 13

Réamhrá .......... 13

TCI .......... 13

Líonraí Ríomhairí, an tIdirlíon agus Ríomhphost .......... 14

Bogearraí Faireacháin Fostaithe - Logáil Eochairbhuillí nó "Tattleware" .......... 15

Faireachas Ceilte i Suíomh Áit Oibre .......... 16

Rianú Feithiclí .......... 17

Tréimhsí Coinneála .......... 17

**(e) Cearta Fostaithe** .......... 18

An Ceart chun Sonraí Pearsanta a Rochtain .......... 18

An Ceart go nDéanfaí Ceartúcháin ar Shonraí Pearsanta .......... 19

Cás-Staidéir .......... 19

## Réamhrá

Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) treoir fhairsing le chéile d'eagraíochtaí, rud is féidir a rochtain anseo. Tá sé mar aidhm shonrach leis an treoirdhoiciméad seo cúnamh a thabhairt d'fhostóirí, ag gníomhú dóibh mar rialaitheoirí sonraí, maidir leis na hoibleagáidí próiseála sonraí agus na dualgais phróiseála sonraí atá orthu agus iad ag próiseáil shonraí pearsanta a bhfostaithe, a n-iarfhostaithe agus a bhfostaithe ionchasacha. Go háirithe, ba cheart d'fhostóirí, ag gníomhú dóibh mar rialaitheoirí sonraí, a bheith ar an eolas go mbaineann Caibidil IV den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("GDPR") le rialaitheoirí agus próiseálaithe agus lena bhfreagrachtaí agus a gcomhaontuithe faoi seach. Féach anseo chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Déanann fostóirí méideanna móra sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil maidir le fostaithe ionchasacha agus fostaithe reatha. I gcásanna áirithe, is féidir go leanfaidh fostóirí le sonraí pearsanta a n-iarfhostaithe a phróiseáil freisin. Áirítear leis na sonraí pearsanta sin faisnéis bhunúsach amhail ainmneacha, seoltaí agus uimhreacha pearsanta seirbhíse poiblí (UPSP). Is féidir faisnéis faoi shláinte cheirde, faoi shaoire bhreoiteachta, faoi athbhreithnithe feidhmíochta agus faoi ghníomhartha araíonachta a bheith i gceist leo freisin. Dá bhrí sin, ní mór d'fhostóirí ("rialaitheoirí sonraí") bheith aireach ar na freagrachtaí, na hoibleagáidí agus na dualgais atá orthu faoi GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ("Acht 2018").[1] Áirítear leis sin a chinntiú go bhfuil beartais iomchuí agus nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm acu agus a thuiscint conas freagra a thabhairt ar iarrataí ó fhostaithe (lena n-áirítear iarrataí ó iarfhostaithe agus ó iarrthóirí nár éirigh leo sa phróiseas earcaíochta agus a bhfuil a sonraí pearsanta acu go fóill) agus na cearta cosanta sonraí atá acu á bhfeidhmiú acu.

Cé nach gceanglaítear ar gach eagraíocht Oifigeach Cosanta Sonraí a bheith acu, is féidir gur fiú d'eagraíochtaí duine aonair a ainmniú mar theagmhálaí cosanta sonraí laistigh dá n-eagraíocht. Tá feidhm aige sin maidir le fostóirí, ag gníomhú dóibh mar rialaitheoirí sonraí, freisin.

## An Sonraí Pearsanta iad na Sonraí?

I gcomhthéacs na fostaíochta, tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir sonraí tráchtála agus sonraí pearsanta, toisc go bhfuil feidhm ag GDPR maidir le sonraí pearsanta agus nach bhfuil aon fheidhm aige maidir le sonraí tráchtála. Beidh sé soiléir cad is sonraí tráchtála ann agus cad is sonraí pearsanta ann ina lán cásanna, ach ní bheidh sé sin chomh soiléir céanna i gcásanna eile.

### *Ríomhphoist fostaithe*

Réimse amháin a bhfaigheann an Coimisiún líon mór ceisteanna ina leith is ea an stádas atá ag ríomhphoist oibre. I bhformhór na gcásanna, tagann an cheist sin chun cinn nuair a dhéanann fostaí iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí. Cé go bhfuil sé soiléir gur sonraí pearsanta é ainm duine aonair, an sonraí pearsanta, laistigh de thimpeallacht fostaíochta, é inneachar aon ríomhphoist ar chuir duine aonair a (h)ainm leis/léi ina c(h)áil ghairmiúil nó oibre? Ní dóigh gur sonraí pearsanta é inneachar den

[1] Is le hAirteagal 88 GDPR a fhoráiltear do phróiseáil i gcomhthéacs na fostaíochta. Leis an Airteagal sin, ceadaítear do na Ballstáit dlíthe, comhaontuithe comhchoiteanna nó rialacha a ghlacadh le haghaidh cearta agus saoirsí a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta fostaithe a phróiseáil i gcomhthéacs na fostaíochta.

sórt sin. Is ábhartha an cheist sin i gcás go ndéantar iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí ná in aon chás eile. Sna himthosca sin, tá oibleagáid ar fhostóirí inneachar a ríomhphost tráchtála nó gnó a imscrúdú chun a shuí cé acu is féidir nó nach féidir a mheas gur sonraí pearsanta an fhostaí é inneachar aon ríomhphoist ar chuir an fostaí a (h)ainm leis.

### *Ainm i seoladh ríomhphoist oibre*

Bíonn seoltaí ríomhphoist oibre i bhformáidí difriúla. Is seoltaí cineálacha iad seoltaí ríomhphoist áirithe, amhail eolas@abc.ie. Níl aon sonraí pearsanta i seoladh ríomhphoist den sórt sin, fiú amháin i gcás nach bhfuil ach duine aonair amháin ina fheighil. I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh céadainm duine aonair i seoladh ríomhphoist oibre, amhail John@abc.ie. Maidir le cé acu is sonraí pearsanta duine aonair é sin nó nach ea, beidh sé sin ag brath ar an gcomhthéacs, amhail an líon fostaithe darb ainm John a oibríonn san eagraíocht. Más é JohnSmith@abc.ie an seoladh ríomhphoist, áfach, is dóigh go measfar gur sonraí pearsanta é sin toisc go leagtar amach ann ainm iomlán an duine aonair agus, dá bharr sin, gur dóigh go mbeidh an duine aonair in-sainaitheanta. Mar atá leagtha amach sa mhír roimhe, áfach, ní chiallaíonn sé sin gur sonraí pearsanta an duine aonair shainaitheanta é inneachar aon ríomhphost a seoladh chuig an duine aonair sin, toisc gur i dtimpeallacht ghairmiúil oibre a seoladh na ríomhphoist. Mar sin féin, nuair a fhaigheann fostóir iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí, tá oibleagáid ar fhostóirí inneachar a ríomhphost tráchtála nó gnó a imscrúdú chun a shuí cé acu a bhaineann nó nach mbaineann inneachar aon ríomhphoist a seoladh chuig an duine aonair sainaitheanta le sonraí pearsanta an duine aonair sin ar aon slí. In imthosca ina bhfuil fostaí ag obair d'fhostóir le fada, is féidir gur gineadh na mílte ríomhphost le linn fhostaíocht an fhostaí. I gcásanna den sórt sin, mholfadh an Coimisiún don fhostóir iarraidh ar an bhfostaí dáta nó am ar leith a shonrú san iarraidh uaidh/uaithi. Tá treoir iomlán do rialaitheoirí sonraí maidir le hiarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí ar fáil anseo.

### *Féilire Outlook agus Sainchuntas Poist*

Maidir le cé acu is sonraí pearsanta iad féilire Outlook agus sainchuntas poist nó nach ea, tugtar sa sampla seo a leanas an freagra is fearr ar an gceist sin:

***Cás-Staidéar: Chuir fostaí iarraidh rochtana neamhiomlán faoi bhráid a fhostóra.***

*Rinne fostaí gearán leis an gCoimisiún toisc go raibh sé míshásta nár soláthraíodh cóip dá chomhad pearsanra ná cóip dá shainchuntas poist dó nuair a rinne sé iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí chuig a fhostóir. Dúirt an fostóir gur sholáthair sé cóip dá chomhad pearsanra don fhostaí roimhe sin agus nach soláthrófaí cóip dá shainchuntas poist dó toisc nach raibh aon sonraí pearsanta ann. D'iarr an fostaí sonraí ó fhéilire Outlook dá chuid mar chuid den iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí uaidh freisin. Chreid an fostaí gur bhain na sonraí sin le himeachtaí eagraithe a bhaineann leis an obair agus gur shonraí pearsanta iad toisc gur ghlac sé páirt iontu. Dúirt an fostóir leis an gCoimisiún nach soláthrófaí na mionsonraí faoi chruinnithe i bhféilire Outlook an ábhair sonraí toisc gur leis an obair, agus ní leis an ábhar sonraí, a baineann an fhaisnéis sin. Ba dheimhin leis an gCoimisiún nach dtagann an sainchuntas poist ná féilire Outlook faoi réim sonraí pearsanta, mar atá sainmhínithe in Airteagal 4(1) GDPR.*

## Oibleagáidí agus Freagrachtaí an Fhostóra

### (a) Prionsabail Ghinearálta

Ba cheart d'fhostóirí bheith eolach ar na prionsabail um chosaint sonraí faoi Airteagal 5 GDPR, lena bhforáiltear nach mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach dleathach, cothrom agus trédhearcach agus ar bhealach a gcomhlíonann na prionsabail seo a leanas: teorannú de réir cuspóra; íoslaghdú sonraí; cruinneas; teorannú stórála; sláine agus rúndacht; agus cuntasacht. Ní mór d'fhostóirí a bheith in ann a léiriú freisin go gcomhlíonann siad gach ceann de na prionsabail sin. Mar shampla, is féidir le fostóir trédhearcacht a léiriú san áit oibre trí chóras so-rochtana féinseirbhíse acmhainní daonna a chur i bhfeidhm, ar córas é lena gcumasaítear d'fhostaí a fheiceáil cé na sonraí a shealbhaíonn fostóir faoi/fúithi agus conas a úsáidtear na sonraí sin. Bheadh an córas sin doiciméadaithe i mbeartais inmheánacha acmhainní daonna agus d'áireofaí leis mionsonraí faoi cé na sonraí pearsanta a bhíonn á mbailiú agus faoi chríoch na próiseála. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis an gcóras seoladh an fhostaí, a stádas fostaíochta reatha, cé acu atá sé/sí pósta nó singil, agus a f(h)aisnéis tuarastail. D'áireofaí leis an gcóras freisin athbhreithniú feidhmíochta an fhostaí agus faisnéis faoi aon saoire bhreoiteachta a thóg sé/sí. Trí rochtain iomlán a thabhairt d'fhostaí ar an bhfaisnéis sin, léiríonn an fostóir trédhearcacht faoin bhfaisnéis a shealbhaíonn sé faoi fhostaí.

#### *Dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht*

Ní mór d'fhostóirí faisnéis shoiléir thrédhearcach a sholáthar do dhaoine aonair faoin gcríoch nó faoi na críocha ar chuici nó ar chucu a phróiseálann siad sonraí pearsanta agus faoin mbunús dlí nó faoi na bunúis dlí a mbraitheann siad air nó orthu chun déanamh amhlaidh. Ba cheart é a bheith trédhearcach d'fhostaithe cén uair a dhéantar a sonraí pearsanta a bhailiú, a úsáid, a cheadú nó a phróiseáil ar bhealach eile agus cén fáth a ndéantar amhlaidh. Ba cheart an fhaisnéis thrédhearcach sin faoi phróiseáil sonraí a bheith so-rochtana agus sothuigthe trí theanga shoiléir ghonta a úsáid. Is leagtha amach in Airteagail 13 agus 14 GDPR atá an fhaisnéis eile ar gá d'fhostóirí í a sholáthar chun na hoibleagáidí trédhearcachta atá orthu a chomhlíonadh.

#### *Teorannú de réir cuspóra*

Ba cheart an chríoch ar chuici a phróiseáiltear sonraí pearsanta a bheith sainráite agus ba cheart í a bheith cinnte tráth bhailiú na sonraí pearsanta. Níor cheart sonraí pearsanta a bhailiú ach amháin chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus níor cheart iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin. Ciallaíonn sé sin gurb amhlaidh, i gcás go mbaileoidh fostóir sonraí pearsanta, amhail seoladh ríomhphoist príobháideach aon fhostaí chun nithe áirithe acmhainní daonna a chur in iúl don fhostaí sula dtosóidh sé/sí an fhostaíocht, agus chuige sin amháin, nach bhféadfaidh an fostóir an seoladh ríomhphoist príobháideach sin a úsáid ina dhiaidh sin chun aon chríche eile ná an seoladh ríomhphoist sin a chomhroinnt le heagraíocht eile gan bunús dleathach a bheith aige le déanamh amhlaidh. Ní fhéadfaidh an fostóir an méid sin a dhéanamh toisc nach dóigh go mbeidh aon phróiseáil ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an gcríoch ar chuici a bailíodh na sonraí – an seoladh ríomhphoist – ar dtús.

***Cás-Staidéar: Bhain bainisteoir úsáid as sonraí rochtana carrchlóis agus foirgnimh chun taifead ama agus freastail an fhostaí a fhíorú.***

*I gcás ina ndearnadh gearán leis an gCoimisiún faoin úsáid a bhain bainisteoir as sonraí rochtana carrchlóis agus foirgnimh chun taifead ama agus freastal an fhostaí a fhíorú, luaigh an fostóir gur chun críocha slándála agus chun am a fhíorú a bailíodh na sonraí sin. Luaigh an fostóir freisin gurbh ábhar imní slándála é freastal ar an bhfoirgneamh. Mheas an Coimisiún nach raibh an phróiseáil bhreise sin i gcomhréir leis an gcríoch bhunaidh, toisc nár cuireadh in iúl d'fhostaithe go mbainfí úsáid as sonraí den sórt sin chun a gcuid ama agus freastail a fhíorú. Chuir an Coimisiún an fostóir ar an eolas faoi sin agus dúirt sé gurbh ábhar imní é sin, beag beann ar na bunúis dhleathacha a raibh sé beartaithe aige brath orthu. Mhol an Coimisiún don fhostóir breithniú a dhéanamh ar shlí eile ina bhféadfaí am agus freastal a fhíorú. Ina theannta sin, ceanglaíodh ar an bhfostóir a bheartas coinneála taifead a thabhairt cothrom le dáta chun sonraí rochtana carrchlóis agus foirgnimh a chur ar áireamh ann agus oiliúint a chur ar bhaill foirne maidir le GDPR.*

### *Íoslaghdú sonraí*

Ceanglaítear ar fhostóirí measúnú a dhéanamh ar an riachtanas atá acu le sonraí pearsanta a phróiseáil. Ní mór sonraí pearsanta a bheith leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun críocha na próiseála. Is féidir nach mbeidh bunús dlí bailí ann le haon phróiseáil a théann thar an méid is gá chun críoch nó críocha na próiseála.

### *Teorannú stórála*

Níor cheart d'fhostóirí sonraí pearsanta a choinneáil i bhfoirm a gceadaítear léi ábhar sonraí a shainaithint ach amháin a fhad is gá chun críocha na próiseála. Ba cheart teorainneacha ama a bhunú le haghaidh sonraí pearsanta a léirscriosadh chun a chinntiú nach gcoinneofar sonraí go ceann tréimhse is faide ná mar is gá, agus ba cheart na teorainneacha ama sin a bheith faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil. Tá tuilleadh mionsonraí faoi Thréimhsí Coinneála leagtha amach thíos.

### *Sláine agus rúndacht*

Ba cheart d'fhostóirí a chinntiú go gcuirfidh siad "slándáil iomchuí" chun feidhme agus go mbeidh "slándáil iomchuí" i bhfeidhm acu agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu. Tugtar samplaí de na bearta slándála sin in Airteagal 5(1)(f) GDPR, áit a luaitear go n-áirítear leo "cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla".

***Cás-staidéar: Ríomhphoist phearsanta fostaí a rochtain agus a scaipeadh.***
*Rinne fostaí iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí toisc gur chreid sé nár soláthraíodh na doiciméid ábhartha uile dó nuair a rinne sé iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí chuig a fhostóir. Rinne an fostaí teagmháil leis an gCoimisiún nuair a fuair sé amach gur phriontáil a fhostóir a ríomhphoist phearsanta amach agus gur scaip sé iad ar dhaoine eile. Mhínigh an fostóir gur tharla sé, nuair a fuarthas rochtain ar na ríomhphoist den chéad uair, go ndearnadh talamh slán de go raibh siad ar chuntas ríomhphoist oibre. Fuair an fostóir amach ina dhiaidh sin gur chuntas pearsanta é an cuntas ríomhphoist, ach luaigh sé go raibh críoch cosanta gnó ag baint leis na ríomhphoist phearsanta a rochtain. D'fhéach an fostóir le brath ar Airteagal 6(1)(f) mar bhunús dleathach le ríomhphoist phearsanta an fhostaí a phróiseáil. Dúirt an Coimisiún leis an bhfostóir nach mór leasanna den sórt sin a chothromú le leasanna agus cearta an fhostaí. Chuir an Coimisiún in iúl gur sháraigh an fostóir cearta an fhostaí faoi Airteagal 5(1)(a), (b) agus (f) GDPR. Mhol an Coimisiún don fhostóir a chinntiú go bhfuil a bheartas príobháideachta agus/nó a bheartas cosanta sonraí cothrom le dáta agus i gcomhréir go hiomlán le GDPR.*

## (b) Bunúis Dlí

Ní mór d'fhostóirí bunús dleathach a bheith acu chun sonraí pearsanta a phróiseáil faoi Airteagal 6 GDPR. Ina theannta sin, má tá fostóir ag próiseáil sonraí catagóire speisialta amhail sonraí sláinte (mar shampla deimhnithe liachta nó tuairiscí sláinte ceirde), beidh ar an bhfostóir leas a bhaint freisin as ceann amháin de na heisceachtaí maidir le próiseáil sonraí pearsanta a cheadaítear faoi Airteagal 9 GDPR.

Foráiltear le hAirteagal 6 GDPR do na bunúis dlí seo a leanas:

1. *Ní bheidh an phróiseáil dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, le ceann díobh seo a leanas ar a laghad:*

(a) *tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil chun ceann amháin nó níos mó de chríocha sonracha;*

(b) *is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh;*

(c) *is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh;*

(d) *is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint;*

(e) *is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir;*

(f) *is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí ar na leasanna sin, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe más leanbh é an t-ábhar sonraí."*

Ní mór d'fhostóirí a chinneadh roimh an bpróiseáil cén bunús dlí a bhfuil siad ag brath air chun a chinntiú go bpróiseálfaidh siad sonraí pearsanta fostaithe ar bhealach dleathach. Féadfaidh fostóirí brath ar bhunúis dlí dhifriúla chun sonraí pearsanta a phróiseáil, a mhéid a bhaineann siad lena n-imthosca sonracha. Is faoin bhfostóir atá sé cinntí a dhéanamh ar cé na sonraí pearsanta is gá a phróiseáil agus ar cén chríoch ar chuici is gá iad a phróiseáil.

### *Ceanglas an Riachtanais*

Tá feidhm ag ceanglas an 'riachtanais' maidir le gach bunús dlí, seachas toiliú an ábhair sonraí. Ba cheart d'fhostóirí a mheasúnú cé na sonraí pearsanta atá **riachtanach** i ndáiríre don bhunús dlí ábhartha agus don chríoch a bhfuil siad ag brath orthu chun na sonraí pearsanta a phróiseáil.

Agus riachtanas á mheasúnú acu, ba cheart d'fhostóirí breithniú a dhéanamh ar réasúntacht agus comhréireacht na próiseála. Ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh freisin ar cé acu atá nó nach bhfuil bealaí níos réasúnaí nó bealaí nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna ann chun an chríoch luaite a bhaint amach gan sonraí pearsanta a phróiseáil nó ar cé acu is féidir nó nach féidir a gcuspóirí a bhaint amach trí mhéid níos lú sonraí pearsanta a phróiseáil. Más rud é go bhfuil bealaí den sórt sin ann nó gur féidir cuspóirí a bhaint amach trí mhéid níos lú sonraí pearsanta a phróiseáil, ba cheart an méid sin a dhéanamh. Mura ndéantar é sin, beidh baol ann gur neamhdhleathach a bheidh an bunús dlí ar a bhfuil an fostóir ag brath. Is ar bhonn cás ar chás a mheasúnófar an ghné riachtanais sin, agus í ag brath ar imthosca na próiseála.

### *Bunús Dlí: Toiliú*

Is é toiliú an bunús dlí is fearr aithne i measc ábhair sonraí agus i measc rialaitheoirí sonraí araon. Ní gá go bhfuil sé ar an mbunús dlí is iomchuí, áfach, go háirithe i gcomhthéacs na fostaíochta, nuair a bhreithnítear é i gcomhar leis na coinníollacha a ghabhann le toiliú bailí.

Faoi Airteagal 4(11) GDPR, ní mór toiliú a thabhairt faoi shaoirse, ní mór é a bheith sonraithe, feasach agus gan athbhrí agus ní mór é a thabhairt trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht atá soiléir agus dearfach. Ní bheidh boscaí réamhthiceáilte ina ráiteas ná ina ngníomhaíocht atá soiléir agus dearfach. Chun ceanglais an toilithe 'shonraigh agus fheasaigh' a chomhlíonadh, ba cheart do rialaitheoirí sonraí iarracht a dhéanamh faisnéis agus rogha a sholáthar d'ábhair sonraí chun a chinntiú go dtuigfidh an t-ábhar sonraí an méid a bhfuil sé/sí ag toiliú leis.

Is féidir nach mbeidh toiliú ina bhunús dlí iomchuí d'fhostóirí maidir le sonraí pearsanta a bhfostaithe a phróiseáil. Is féidir nach mbeidh sé sin iomchuí toisc go bhfuil éagothroime cumhachta shoiléir ann idir fostaithe agus fostóirí, ar éagothroime í a bhaineann an bonn ón leibhéal rogha a bheidh ag fostaí, nó ón leibhéal rogha a mbraithfidh fostaí é a bheith aige/aici, agus toiliú á thabhairt aige/aici. I gcás go bhféachfaidh fostóir le brath ar thoiliú chun sonraí pearsanta fostaithe a phróiseáil, ní mór rogha a thabhairt don fhostaí a t(h)oiliú a tharraingt siar tráth ar bith. Is gá d'fhostóirí a chinntiú gur féidir leo tarraingt siar an toilithe sin a éascú agus an próiseas a dhéanamh éasca d'fhostaithe.

### *Bunús Dlí: Conradh*

Bunús dleathach coitianta i measc fostóirí is ea bunús dlí an riachtanais chonarthaigh, toisc gur minic a bhíonn caidreamh conarthach ann idir fostóir agus fostaí. Ba cheart d'fhostóirí a thabhairt faoi deara

gur cheart an phróiseáil sonraí pearsanta a bheith riachtanach chun conradh fostaíochta a chomhlíonadh. Mura bhfuil sí riachtanach chun conradh fostaíochta a chomhlíonadh, is féidir go mbeidh orthu breithniú a dhéanamh ar bhrath ar bhunús dlí eile. Ba cheart d'fhostóirí a thabhairt faoi deara nach bhfuil feidhm ag an mbunús dlí seo ach amháin i gcás go bhfuil an conradh idir an fostóir agus an fostaí. Ní fhéadfaidh conradh idir an fostóir agus tríú páirtí teacht faoi cheanglas an riachtanais chonarthaigh mar bhunús dlí le sonraí pearsanta fostaithe a phróiseáil. Sampla de bhunús dleathach sa chomhthéacs sin is ea conradh a chomhlíonadh: beidh ar fhostóir sonraí pearsanta fostaí a phróiseáil chun na hoibleagáidí atá air faoi chonradh a chomhlíonadh, amhail mionsonraí bainc an fhostaí a phróiseáil chun an fostaí a íoc.

Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu is gá nó nach gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh a chomhlíonadh, ba cheart d'fhostóirí a bhreithniú an athuair cé acu atá nó nach bhfuil an phróiseáil riachtanach agus comhréireach ón taobh oibiachtúil de. An ann d'aon bhearta malartacha eile nó d'aon bhearta nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna? Is féidir go sonrófar sna téarmaí conarthacha féin go bhfuil gníomhaíochtaí próiseála áirithe riachtanach don chonradh. Mar sin féin, ní gá gach gníomhaíocht próiseála a bheith sonraithe sa chonradh féin agus is féidir go mbeidh roinnt gníomhaíochtaí próiseála cumhdaithe ag comhthéacs ginearálta an chonartha. É sin ráite, ceanglófar ar fhostóir na hoibleagáidí trédhearcachta atá air faoi Airteagail 13 agus 14 GDPR a chomhlíonadh go fóill agus é ag brath ar riachtanas conarthach mar bhunús dlí.

Más gá sonraí pearsanta catagóire speisialta a phróiseáil chun conradh fostaíochta a chomhlíonadh, ba cheart don fhostóir sainaithint a dhéanamh ar eisceacht ar leith ón toirmeasc ginearálta ar shonraí pearsanta catagóire speisialta a phróiseáil faoi Airteagal 9(2) GDPR.

### *Bunús Dlí: Oibleagáid dhlíthiúil*

I gcás go mbeidh oibleagáid ar fhostóir dlí an Aontais Eorpaigh nó an dlí náisiúnta a chomhlíonadh, is féidir go mbeidh 'comhlíonadh oibleagáide dlíthiúla' ina bhunús dlí iomchuí. Beidh gá ann le riachtanas na próiseála a mheasúnú go fóill, áfach. Cé nach gá an ghníomhaíocht próiseála a bheith sonraithe i ndlí an Aontais Eorpaigh ná sa dlí náisiúnta, is féidir go mbeidh feidhm ag an mbunús dlí seo i gcás go mbeidh críoch fhoriomlán na próiseála i gcomhréir leis an dlí agus i gcás go mbeidh bunús sách soiléir ag an dlí.

Ní mór an oibleagáid dhlíthiúil a bheith leagtha síos i ndlí an Aontais Eorpaigh nó sa dlí náisiúnta. Áirítear leis sin cineálacha eile dlí, lena n-áirítear an dlí coiteann agus aon chineál dlí bhoig (mar shampla treoirlínte/moltaí nach bhfuil ina gceangal dlí ach a gcloítear leo i gcoitinne).

Ní mór an dlí a bheith soiléir agus beacht, áfach, á chinntiú go bhfuil feidhm intuartha aige maidir le hábhar sonraí. Ba cheart an dlí a bheith chun leas an phobail ar bhealach éigin agus ba cheart é a bheith comhréireach don aidhm nó don sprioc atá i gceist. Is féidir go soláthrófar le dlí aonair bunús dlí do roinnt gníomhaíochtaí próiseála. Tá oibleagáidí trédhearcachta ann go fóill, agus ba cheart d'fhostóir a bhfostaithe a chur ar an eolas faoi cé na dlíthe a mbraitheann siad orthu nó a chomhlíonann siad agus sonraí pearsanta fostaithe á bpróiseáil acu. Beidh ar an bhfostóir riachtanas agus comhréireacht na próiseála a mheasúnú freisin chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh.
Sampla den bhunús dlí seo a bheith á úsáid i gconradh fostaíochta is ea cás ina soláthróidh fostóir sonraí fostaithe do na Coimisinéirí Ioncaim chun ceanglais chánach a chomhlíonadh nó chun na

hoibleagáidí atá air faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, a chomhlíonadh. Sampla den chineál próiseála seo is ea fostóirí a bheith ag comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla atá orthu. Mar shampla, ceanglaítear ar fhostóir taifid a choinneáil ina léirítear go bhfuil siad ag comhlíonadh na bhforálacha den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000. Is féidir le fostóir é sin a dhéanamh trí dhuillíní pá a choinneáil don tréimhse shonraithe, ar duillíní iad ar a léirítear gur íocadh an pá íosta náisiúnta le gach fostaí.

### *Bunús Dlí: Leasanna Ríthábhachtacha*

Is annamh a úsáidtear leasanna ríthábhachtacha mar bhunús dlí, agus ní bheidh feidhm ag an mbunús dlí seo ach amháin i gcásanna sonracha teoranta áirithe agus i gcás nach mbeidh aon bhunús dlí eile iomchuí.

Tríd is tríd, baineann leasanna ríthábhachtacha le cásanna inar gá próiseáil a dhéanamh "chun leas a chosaint, ar leas é atá riachtanach do shaol an ábhair sonraí nó do shaol duine nádúrtha eile" (Aithris 46 GDPR). Mar sin, is féidir go n-úsáidfear an bunús dlí seo i gcásanna a bhaineann le bagairtí ar shaol nó sláinte an ábhair sonraí nó ar shaol nó sláinte duine eile. Tá an seans is mó ann gur i gcomhthéacs sláinte liachta nó sonraí cúram sláinte, lena n-áirítear meabhairshláinte duine, a thiocfaidh an bunús dlí seo chun cinn. Soláthraítear le hAirteagal 9(2)(c) GDPR eisceacht ón toirmeasc ginearálta ar shonraí pearsanta catagóire speisialta a phróiseáil chun leasanna ríthábhachtacha a chosaint. Ní dóigh go mbeidh sé ina bhunús dlí lasmuigh de chásanna éigeandála, áfach.

### *Bunús Dlí: Cúram a chuirtear i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail*

I bhformhór na gcásanna, is iad údaráis phoiblí nó daoine a rialaítear leis an dlí poiblí a bhraithfidh ar an mbunús dleathach seo. Is féidir go mbraithfidh comhlachais ghairmiúla nó rialaitheoirí a rialaítear leis an dlí príobháideach air freisin.

### *Bunús Dlí: Leas dlisteanach*

B'fhéidir go bhfuil leas dlisteanach ar an mbunús dlí is leithne a bhféadfaidh fostóir brath air. Is bunús dlí ilúsáideach é leas dlisteanach. Is minic a chumhdaíonn sé cásanna nach dtagann faoi aon bhunúis dlí eile. Ní bheidh feidhm uathoibríoch ag an mbunús dlí seo, áfach, fiú amháin i gcás nach dtiocfaidh na hoibríochtaí próiseála sonraí faoi aon bhunúis dlí eile. Tá feidhm ag tosca méadaithe maidir le leas dlisteanach a úsáid mar bhunús dlí.

Maidir le fostóirí a fhéachfaidh le brath ar leas dlisteanach mar bhunús dlí, is gá dóibh trí chomhpháirt a chomhlíonadh chun go mbeidh feidhm ag an mbunús dlí sin:

a) sainaithint a dhéanamh ar leas dlisteanach atá á shaothrú acu nó atá á shaothrú ag tríú páirtí;
b) a léiriú go bhfuil próiseáil bheartaithe shonraí pearsanta an ábhair sonraí riachtanach chun an leas dlisteanach a bhaint amach; agus
c) an leas dlisteanach a chothromú in aghaidh leasanna, chearta agus shaoirsí an ábhair sonraí.

Is féidir leasanna tráchtála, leasanna tráchtála tríú páirtí, mórthairbhí sochaíocha nó cosc na calaoise a bheith i measc na gcineálacha leasanna dlisteanacha, agus is faoin bhfostóir, ag gníomhú dó mar rialaitheoir sonraí, atá sé a leasanna dlisteanacha féin a leagan amach agus a shainaithint. Ní bheidh

sé dleathach sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin i gcás nach mbeidh sáraíocht ag leasanna, cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí/na bhfostaithe ar an leas dlisteanach. Dá bhrí sin, is féidir go mbeidh ar fhostóir cleachtadh cothromúcháin a dhéanamh idir a leasanna dlisteanacha agus cearta agus saoirsí a bhfostaithe trí Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí a dhéanamh. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi Mheasúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí a rochtain anseo. Ba cheart d'fhostóir a chinntiú go mbeidh an cleachtadh cothromúcháin/an measúnú sin leagtha amach i scríbhinn sula ndéanfar aon phróiseáil. I gcás go bhfaighidh an Coimisiún gearán ó fhostaí agus gur bhraith an fostóir ar an mbunús dlí seo chun sonraí pearsanta a phróiseáil, beidh an Coimisiún ag iarraidh breathnú ar an Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí.

Beidh ar fhostóirí breithniú a dhéanamh an athuair ar riachtanas na próiseála sonraí pearsanta, ar an gcomhréireacht agus ar cé acu atá nó nach bhfuil aon bhearta nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna ar fáil. Tríd is tríd, beidh ar fhostóirí a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht próiseála réasúnach. Beidh an freagra ar an gceist sin ag brath ar imthosca an cháis. Sampla den chineál próiseála seo is ea teilifís ciorcaid iata (TCI) a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar shlándáil foirgnimh. I Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí i gcás den sórt seo, ba cheart aird a thabhairt ar an leas dlisteanach atá ag an bhfostóir i slándáil a bhfoirgnimh a chinntiú. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar na cearta agus na saoirsí atá ag a bhfostaithe nach n-úsáidfí TCI ach amháin chun na críche sonraithe a tugadh, seachas chun faireachán a dhéanamh ar an am a thagann agus a imíonn fostaithe, ach amháin i gcás go mbeidh sé sin sonraithe i mbeartas inmheánach.

### *Bunús Dlí: Sonraí pearsanta catagóire speisialta Airteagal 9*

Sainmhínítear sonraí pearsanta catagóire speisialta mar a leanas in Airteagal 9(1) GDPR:

> "*sonraí lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus próiseáil sonraí géiniteacha agus sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine nádúrtha*".

Tá toirmeasc ginearálta ann ar shonraí pearsanta catagóire speisialta a phróiseáil faoi Airteagal 9(1) GDPR. Tá eisceachtaí ón toirmeasc sin leagtha amach in Airteagal 9(2) GDPR, áfach. Mar shampla, tá eisceacht leagtha síos chun críocha leighis ceirde agus chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcumas atá ag fostaí laistigh den áit oibre faoi Airteagal 9(2)(h) GDPR. Mar shampla, is féidir go gceanglófar ar fhostóir sonraí sláinte ar sonraí catagóire speisialta iad a choinneáil i gcás go mbeidh fostaí torrach chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an fostóir na hoibleagáidí atá air faoin Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994.

## (c) Sláinte Cheirde

Baineann sláinte cheirde le folláine fhisiciúil, shóisialta agus mheabhrach oibrithe a chur chun cinn agus a chothabháil i ngach ceird. Buntaca le sláinte cheirde in Éirinn is ea an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ("Acht 2005"). Leagtar amach in alt 8 d'Acht 2005 na dualgais ghinearálta atá ar fhostóirí maidir le sláinte agus sábháilteacht a bhfostaithe a chinntiú. Le hAcht 2005, cuirtear oibleagáidí ar fhostóirí agus ar fhostaithe araon a chinntiú go mbeidh an t-oibrí inniúil chun na dualgais atá air/uirthi a chur i gcrích san áit oibre. Faoi alt 23(1) d'Acht 2005, "féadfaidh fostóir a

cheangal ar fhostaí d'aicme nó d'aicmí, de réir mar a fhorordófar, dul faoi mheasúnú ag lia-chleachtóir cláraithe, a bheidh ainmnithe ag an bhfostóir, maidir lena inniúlacht nó lena hinniúlacht chun gníomhaíochtaí oibre a dhéanamh". Is é cuspóir an mheasúnaithe sin a chinntiú go mbeidh an fostaí inniúil chun gníomhaíochtaí oibre a dhéanamh. De réir alt 23(3) d'Acht 2005, tá oibleagáid ar lia-chleachtóir cláraithe fógra a thabhairt don fhostóir mura bhfuil an fostaí inniúil chun gníomhaíochtaí oibre a dhéanamh.

Is féidir go dtiocfaidh impleachtaí cosanta sonraí chun cinn faoi GDPR, go háirithe faoi Airteagal 9 de, i gcás go n-atreorófar fostaí chun measúnú a fháil ó lia-chleachtóir cláraithe. Mar a leagadh amach roimhe seo, ní mór d'fhostóirí a chinneadh roimh an bpróiseáil cén bunús dlí a bhfuil siad ag brath air chun a chinntiú go bpróiseálfaidh siad sonraí pearsanta fostaithe ar bhealach dleathach. Is é an dea-chleachtas go gcuirfeadh fostóirí an bunús dleathach sin in iúl dá bhfostaithe chun comhlíonadh na bprionsabal um chosaint sonraí atá leagtha amach in GDPR a chinntiú. I gcomhthéacs sláinte ceirde, is féidir go mbeidh feidhm ag bunúis dhleathacha áirithe le sonraí pearsanta a phróiseáil, amhail Airteagal 6(1)(c), Airteagal 6(1)(d), Airteagal 6(1)(f), agus Airteagal 9(2)(h) GDPR. Féadfar toiliú a úsáid mar bhunús dleathach le sonraí liachta fostaí a phróiseáil freisin, ach is féidir go mbeidh teorainneacha ann ina leith sin. Ní mór toiliú aon fhostaí faoi Airteagal 9 GDPR a bheith **sainráite** agus a thabhairt faoi shaoirse, agus ní mór d'fhostóir a chinntiú gur cuireadh an fostaí ar an eolas go cuí roimh an measúnú.

Áirítear leis na hoibleagáidí atá ar fhostóir faoi Airteagal 24 GDPR cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais iomchuí chosanta sonraí lena gcinntítear dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht. Trí bheartas sláinte ceirde a chur i bhfeidhm, cumasófar don fhostóir agus don fhostaí araon dul i dteagmháil le lia-chleachtóirí cláraithe a mhéid is gá chun a chinntiú go mbeidh an fostaí inniúil chun obair.

***Cás-Staidéar: Próiseáil sonraí pearsanta fostaí ag tríú páirtí.***

*Bhí fostaí míshásta leis an dóigh ar phróiseáil tríú páirtí – ba é sin, imscrúdaitheoir acmhainní daonna – a shonraí pearsanta. Maidir leis an imscrúdaitheoir acmhainní daonna, luaigh an fostóir gur úsáid sé Airteagail 6(1)(c) agus 9(2)(b) mar bhunús dleathach le sonraí sláinte agus sonraí catagóire speisialta an fhostaí a phróiseáil. Tharraing an fostóir aird freisin ar na hoibleagáidí dlíthiúla atá air faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, mar atá leagtha amach ina Lámhleabhar d'Fhostaithe. Ba dheimhin leis an gCoimisiún go raibh bunús dleathach ag an bhfostóir le sonraí pearsanta an fhostaí a phróiseáil ar an mbealach sin. Mhol an Coimisiún don fhostóir a chur in iúl dá fhostaithe sna beartais chosanta sonraí uaidh gur féidir go mbraithfidh sé ar Airteagail 6(1)(c) agus 9(2)(b) chun sonraí pearsanta fostaithe a phróiseáil.*

### *Na Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí (Modhnú Rochtana) (Sláinte), 2022*

Leis an leasú seo, cúlghaireadh na Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí (Modhnú Rochtana) (Sláinte), 1989, lena modhnaítear an dóigh a bhféadfar aghaidh a thabhairt ar na hiarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí a fhaigheann fostóirí, agus cuireadh Rialacháin nua ina n-áit.

Mar thoradh ar an modhnú seo, níl aon oibleagáid ar fhostóir a thuilleadh dul i gcomhairle le lia-chleachtóir sula soláthróidh sé sonraí sláinte don fhostaí i ndáil leis an iarraidh ar rochtain d'ábhar

sonraí uaidh/uaithi. Foráiltear leis na Rialacháin nua go bhféadfaidh an fostóir rogha a fheidhmiú maidir le cé acu a eiseofar nó nach n-eiseofar na sonraí i gcás go mbeidh ag an rialaitheoir sonraí/ag an bhfostóir 'forais réasúnacha lena chreidiúint gur dhóigh go ndéanfaí díobháil thromchúiseach do shláinte fhisiciúil nó mheabhrach an ábhair sonraí dá dtabharfaí rochtain ar na sonraí sláinte lena mbaineann'. Ní bhaineann sé sin ach leis an gcuid de na sonraí ar dhóigh go ndéanfadh sí 'díobháil thromchúiseach'. Ní mór an chuid eile de na sonraí a eisiúint, ach amháin i gcás go mbeidh an rialaitheoir sonraí ag brath ar eisceachtaí dleathacha eile. Féadfaidh fostóirí ionchur agus tuairim liachta a lorg, más gá. Mar sin féin, ní mór breithniú a dhéanamh ar phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí agus ar phrionsabal na slándála sonraí atá leagtha amach in alt 8 de na Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí (Modhnú Rochtana) (Sláinte) (áirítear leis sin gan ach na sonraí lena mbaineann a sholáthar don lia-chleachtóir atá cáilithe go hiomchuí, ar sonraí iad nach mór a bheith faoi ainm bréige). Más rud é nach mbeidh sé de rún ag an bhfostóir na sonraí a eisiúint, ní mór dó, faoi alt 9 de na Rialacháin sin, a chur in iúl dá fhostaí go bhféadfaidh sé a iarraidh go gcuirfí na sonraí ar fáil do lia-chleachtóir atá cáilithe go cuí agus go bhféadfar na sonraí a choinneáil ar fáil chun na críche sin.

## (d) Beartais Fostóirí agus Faireachán a Dhéanamh ar Fhostaithe

### Réamhrá

Ceanglaítear le hAirteagal 24(1) GDPR ar rialaitheoirí sonraí "bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme" chun Airteagal 5(1)(f) GDPR a chomhlíonadh. Áirítear na nithe seo a leanas le samplaí de bhearta teicniúla agus eagraíochtúla i gcomhthéacs na fostaíochta, ach gan a bheith teoranta dóibh: ainm bréige a chur i bhfeidhm; anaithnidiú; rochtain ar shonraí pearsanta a theorannú do dhaoine údaraithe; criptiú; cúltacú agus tástáil; agus logaí iniúchta rochtana comhaid.

Mionsonraítear in Airteagal 24(2) GDPR go n-áireofar le bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla cur i bhfeidhm beartas iomchuí um chosaint sonraí ag an rialaitheoir. Is féidir go mbeidh fostóirí ag iarraidh beartais um chosaint sonraí a chur chun feidhme go sonrach chun sonraí fostaithe a phróiseáil agus beartas ar leith a chur chun feidhme chun aon sonraí pearsanta de chuid cliant nó de chuid daoine den phobal a phróiseáil. Is féidir go mbeidh fostóirí ag iarraidh beartais ar leith um choinneáil agus stóráil sonraí, um úsáid an Idirlín, um úsáid feistí pearsanta agus um TCI a bheith i bhfeidhm acu d'fhostaithe agus do chliant nó do dhaoine den phobal freisin. Beidh ar na beartais sin na hoibleagáidí trédhearcachta atá leagtha amach in Airteagail 13 agus 14 GDPR a chomhlíonadh agus ní mór iad a bheith so-rochtana agus sothuigthe agus ní mór teanga shoiléir shimplí a úsáid iontu (Aithris 39 GDPR).

Mar aon le beartais fostóirí, ceanglaítear ar fhostóirí breithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh atá acu le haon tríú páirtithe a phróiseálann sonraí a bhaineann leo thar a gceann. Maidir leis sin, is gá comhaontuithe iomchuí a bheith i bhfeidhm idir rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe nó idir comhrialaitheoirí.

### TCI

Chun faisnéis agus cás-staidéir a fháil maidir le TCI san áit oibre, féach an treoir fhairsing uainn anseo.

## Líonraí Ríomhairí, an tIdirlíon agus Ríomhphost

Glacann an Coimisiún leis go bhfuil leas dlisteanach ag eagraíochtaí ina ngnólacht, a gcáil, a n-acmhainní agus a dtrealamh a chosaint. Chun an méid sin a dhéanamh, is féidir go gcinnfidh eagraíochtaí faireachán a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáideann a mbaill foirne an tIdirlíon, an ríomhphost agus an teileafón. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist le faisnéis a bhailiú, a úsáid nó a stóráil faoi oibrithe, le faireachán a dhéanamh ar a rochtain ar an Idirlíon nó ar an ríomhphost, agus le faireachas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as físcheamaraí (lena bpróiseáiltear íomhánna) agus, dá bhrí sin, go bhfuil feidhm ag an dlí cosanta sonraí. Ina theannta sin, tá ceart chun saoil phríobháidigh ag an obair ag daoine aonair faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (Barbulescu v. An Rómáin (uimh. iarratais 61496/08)), lena léirítear an riachtanas atá ann le cúram iomchuí a thógáil agus faireachán á dhéanamh ar fhostaithe agus le beartais shoiléire a leagan síos. Dá bhrí sin, ba cheart cleachtais agus beartais den sórt sin a bheith cothromaithe go hiomchuí idir na leasanna dlisteanacha atá ag an bhfostóir agus na cearta cosanta sonraí agus an ceart chun saoil phríobháidigh atá ag na fostaithe. I dTreoirlínte 3/2019 ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil trí fhísfheistí, glactar leis gur féidir go mbeidh roinnt daoine aonair compordach le físfhaireachas a bheith in úsáid chun críocha slándála. Luaitear iontu freisin, áfach, 'nach mór ráthaíochtaí a chur i bhfeidhm chun nach mbainfear mí-úsáid as físfhaireachas chun críocha atá go hiomlán difriúil agus chun críocha nach bhfuil an t-ábhar sonraí ag súil leo (e.g.,...faireachán ar fheidhmíocht fostaithe...)'. Luaitear iontu freisin nach 'dóigh, i bhformhór na gcásanna, go mbeidh fostaí ag súil leis go bhfuil a fhostóir nó a fostóir ag déanamh faireachán air nó uirthi'. Ní chailleann duine aonair na cearta chun príobháideachta atá aige/aici ná na cearta cosanta sonraí atá aige/aici toisc gur fostaí é/í. Ba cheart aon teorannú ar an gceart chun príobháideachta atá ag an bhfostaí a bheith i gcomhréir leis an damáiste ar dóigh dó a bheith ann do leasanna dlisteanacha an fhostóra. Ba cheart beartas um úsáid inghlactha a ghlacadh chun an chothromaíocht sin a léiriú agus ba cheart fógra a thabhairt d'fhostaithe faoi chineál, méid agus críocha an fhaireacháin atá sonraithe sa bheartas.

Cé nach bhfuil aon chosc ar fhostóir a shonrú go bhfuil toirmeasc ann ar threalamh a úsáid chun críocha pearsanta, is dóigh go gceadóidh formhór na bhfostóirí méid teoranta úsáide pearsanta. In éagmais aon bheartais shoiléir, is féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfuil ionchas réasúnach ag fostaithe go mbeidh príobháideacht acu san áit oibre.

Is gá do rialaitheoirí sonraí/fostóirí aghaidh a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

- Na leasanna dlisteanacha atá ag an bhfostóir i sonraí pearsanta a phróiseáil atá riachtanach do ghnáthfhorbairt an chaidrimh fostaíochta agus don oibríocht gnó.
- Ní mór ceanglais trédhearcachta an dlí cosanta sonraí a chomhlíonadh in aon fhaireachán a dhéantar, lena n-áirítear faireachán ar an úsáid a bhaineann fostaithe as an ríomhphost agus as an Idirlíon, agus in aon fhaireachas a dhéantar trí úsáid a bhaint as ceamaraí, as físcheamaraí nó as sonraí suímh. Ní mór baill foirne a chur ar an eolas faoin bhfaireachas atá ar bun agus faoin gcríoch ar chuici atá sonraí pearsanta le próiseáil. Más rud é go bhfuil ceamaraí TCI i bhfeidhm, agus go gceadaítear rochtain phoiblí, ba cheart fógra a bheith ar taispeáint chun an méid sin a chur in iúl. Ní mór aon fhaireachán a dhéanamh ar an mbealach is lú ionsáiteacht is féidir. Níor cheart dul i muinín faireachas ceilte ach amháin

in imthosca eisceachtúla a bhaineann le himscrúdú coiriúil agus i gcomhairle leis an nGarda Síochána.

- Tá faireachán agus faireachas faoi réir ceanglais chosanta sonraí, is cuma cé acu a bhaineann siad le húsáid an ríomhphoist, le húsáid an Idirlín, le físcheamaraí nó le sonraí suímh. Ní mór aon fhaireachán a bheith i gcomhréir leis an riosca atá roimh fhostóir, agus aird á tabhairt ar phríobháideacht oibrithe agus ar leasanna eile oibrithe.
- Ba cheart do bhaill foirne bheith eolach ar na sonraí a bhailíonn fostóir fúthu, ar aon dul le prionsabail na trédhearcachta atá leagtha amach in Airteagail 12-14 GDPR. Tá sé de cheart ag baill foirne cóip dá sonraí pearsanta a rochtain faoi Airteagal 15 GDPR.
- Ní mór aon sonraí pearsanta a phróiseáiltear le linn faireacháin a bheith leormhaith agus ábhartha agus ní ceadmhach iad a bheith iomarcach ná iad a choinneáil go ceann tréimhse is faide ná mar is gá chun na críche ar chuici atá údar leis an bhfaireachán.
- Ba cheart coimircí iomchuí a bheith i bhfeidhm, go háirithe i gcás go mbeidh an faireachán ionsáiteach. Chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine i gcás Barbulescu v. An Rómáin gur cheart do choimircí den sórt sin a chinntiú 'nach féidir leis an bhfostóir inneachar iarbhír na gcumarsáidí lena mbaineann a rochtain ach amháin i gcás gur tugadh fógra don fhostaí faoin rochtain fhéideartha sin roimh ré'.

### *An tIdirlíon*

Gabhann dúshláin áirithe le húsáid phríobháideach a bhaint as an Idirlíon san áit oibre agus le faireachán a dhéanamh ar ríomhphoist phríobháideacha. Ba cheart beartas oscailte trédhearcach a bheith i bhfeidhm san áit oibre, rud ar cheart dó a chinntiú:

- Go mbaintear cothromaíocht neamhchlaon amach idir na cearta dlisteanacha atá ag fostóirí agus na cearta príobháideachta pearsanta atá ag fostaithe;
- Go bhfuil aon ghníomhaíocht faireacháin trédhearcach do gach oibrí;
- Go bhfuil aon fhaireachán cothrom agus comhréireach, áit ar tábhachtaí cosc ná brath.

Ba cheart d'fhostóirí a bhreithniú cé acu a bhainfeadh nó nach mbainfeadh siad na torthaí céanna amach trí bhearta maoirseachta nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna.

## Bogearraí Faireacháin Fostaithe - Logáil Eochairbhuillí nó "Tattleware"

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil bogearraí faireacháin thar a bheith ionsáiteach agus gur cheart údar soiléir oibiachtúil a bheith le haon iarracht ar iad a úsáid. Ba cheart aon iarracht den sórt sin a bheith comhréireach freisin. I bhfianaise chineál an-ionsáiteach na bhfeidhmchlár faireacháin sin, ba cheart d'fhostóirí, i ngnáthchúrsa na fostaíochta, modhanna eile nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna a chur chun feidhme chun faireachán a dhéanamh ar fhreastal agus táirgiúlacht fostaithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur féidir go mbeidh faireachán den sórt sin faoi réir an dlí fostaíochta. Má tá fostóir ag iarraidh bogearraí faireacháin cheilte a shuiteáil ar ríomhaire pearsanta nó ríomhaire glúine aon fhostaí trí logáil eochairbhuillí, trí "tattleware" nó trí chláir eile bogearraí faireacháin a úsáid chun mí-iompar féideartha a imscrúdú, nó chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht aon fhostaí le linn dó/di a bheith ag obair nó a bheith ag obair ón mbaile, ba cheart a chuimhneamh go bhfuil sé neamhdhleathach i bhformhór na gcásanna sásraí taifeadta a úsáid chun

sonraí a bhailiú gan fhios do dhuine aonair. Ba cheart beartas um úsáid an ríomhphoist nó um úsáid an Idirlín san áit oibre, ar a dtugtar Beartas um Úsáid Inghlactha, a thabhairt do gach fostaí. Ba cheart beartas an fhostóra um úsáid an Idirlín a bheith leagtha amach go soiléir sa bheartas sin, lena n-áirítear an beartas um úsáid na meán sóisialta ar ríomhaire glúine nó ríomhaire pearsanta atá faoi úinéireacht an fhostóra.

## Faireachas Ceilte i Suíomh Áit Oibre

Ba cheart faireachas ceilte a sheachaint nuair is féidir. Is gnách nach gceadaítear é ach amháin ar bhonn cás ar chás, áit a gcoinnítear na sonraí chun cionta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú nó chun ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh. Tugtar le tuiscint go huathoibríoch leis an bhforáil sin nach mór beartas sonrach i scríbhinn a chur i bhfeidhm don fhaireachas ceilte, ar beartas é ina mionsonraítear an chríoch, an t-údar, an nós imeachta, na bearta agus na coimircí a chuirfear chun feidhme. Is é an cuspóir deiridh a bheidh leis an bhfaireachas sin ná ról a thabhairt don Gharda Síochána nó d'údaráis eile ionchúisimh in aon imscrúdú coiriúil a dhéanfar nó imeachtaí dlí sibhialta a thionscnamh mar thoradh ar chion coiriúil líomhnaithe nó ar chionta coiriúla líomhnaithe.

Ní mór údar a bheith le haon fhaireachas ceilte sula ndéanfar é, agus níor cheart é a dhéanamh ach amháin ar bhonn cás ar chás. Bheadh gá ann leis na saincheisteanna seo a leanas a bhreithniú ina n-iomláine:-

- Cé na críocha sonracha a bhfuiltear ag iarraidh iad a bhaint amach tríd an bhfaireachas ceilte? Má táthar ag iarraidh fianaise a bhailiú, ní mór imthoisc fhíorasach shubstainteach nó imthosca fíorasacha substainteacha a bheith ann ar dtús, áit a sainaithnítear réimse ar ábhar imní é is gá a imscrúdú tuilleadh trí fhaireachán ceilte.
- An cuspóir dleathach í an chríoch seo? Mar shampla, an bhfuil aon dlíthe ann lena dtoirmisctear faireachas ceilte?
- An bhfuil aon roghanna eile ann ar fhaireachas ceilte? Mar shampla, an féidir rochtain ar na meáin shóisialta nó ar shuíomhanna gaolmhara eile nach mbaineann leis an obair a bhacadh ar ríomhairí oibre?
- An bhfuil aon fhianaise imthoisceach ann lena dtacaítear le faireachán ceilte a dhéanamh ar fhostaí nó ar fhostaithe? Má tá, cé chomh tromchúiseach agus atá an tsaincheist atá i gceist? Ba cheart anailís riosca a dhéanamh ar scála na gcineálacha d'iompraíocht mhíchuí fostaithe, agus é sa raon idir an iompraíocht is mó tromchúis – i.e., calaois/gadaíocht/mórfhaillí, ar cionta coiriúla iad a d'fhéadfadh údar a thabhairt le duine a bhriseadh as a p(h)ost – agus an iompraíocht is lú tromchúis, amhail coimeád ama, ríomhphoist phearsanta, teachtaireachtaí SMS pearsanta nó glaonna teileafóin pearsanta, ar nithe iad nach dtugann údar ach le maoirseacht ó bhainisteoir de ghnáth.
- Ba cheart do chuideachtaí beartais ábhartha i scríbhinn a bheith i bhfeidhm acu maidir leis na cleachtais a bhfuil fostaithe le cloí leo san áit oibre.
- Foráiltear le hAirteagal 6(1)(f) GDPR go bhféadfaidh rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta a bhaineann le hábhar sonraí nó le fostaí a phróiseáil i gcás gur "...gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí ar na leasanna sin, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint...". Chun é sin a dhéanamh, ní mór na cearta fostaíochta atá ag an bhfostaí agus na cearta bunúsacha

atá aige/aici chun príobháideachta, chun cosaint sonraí, chun nósanna imeachta cothroma, etc., a chothromú freisin in aon phróiseáil a bhreithneofar a bheith ina 'leas dlisteanach'.

- Sula ndéanfar aon fhaireachas nó aon fhaireachán ceilte, ba cheart don lucht ardbhainistíochta beartas mionsonraithe a chur le chéile ina leagtar amach na nithe seo a leanas:-

    - Mionsonraí iomlána faoi cén fáth a bhfuil an faireachas ceilte ag teastáil agus faoi cén fáth a bhfuiltear ag spriocdhíriú ar dhaoine aonair ar leith.

    - An cuspóir atá le baint amach. An cineál fianaise atá á lorg. An bhfuil sí ábhartha agus comhréireach, gan a bheith iomarcach?

    - Conas a úsáidfear an fhianaise sin? An nochtfar do ghníomhaireacht forfheidhmiúcháin í nó an bhféadfaí í a úsáid le haghaidh dlíthíocht shibhialta?

    - Cad a tharlóidh d'aon sonraí neamhábhartha a bhaileofar? Ní mór beartas um léirscriosadh a bheith i bhfeidhm do shonraí den sórt sin.

    - Cén duine laistigh den eagraíocht ar a mbeidh an fhreagracht fhoriomlán as faireachas nó faireachán ceilte agus cé na daoine eile a mbeidh rochtain údaraithe acu ar na sonraí a bhaileofar?

    - Moltar athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar na sonraí a bhailíonn aturnaetha, comhairleoirí dlí nó tríú páirtithe iontaofa.

    - Moltar tréimhse ama ghearr a shocrú don fhaireachas nó don fhaireachán, i.e., mí amháin nó níos lú ná sin, i gcás go mbaileofar dóthain fianaise i dtréimhse ama níos giorra.

    - Ba cheart d'eagraíocht gealltanas a thabhairt cóip den tacar sonraí iomlán a bailíodh a thabhairt do gach fostaí aonair lena mbaineann tar éis dóibh tionscadal a chríochnú le chéile, mar aon le cóip den bheartas lena dtugtar údar leis sin.

## Rianú Feithiclí

Chun go mbeidh rianú feithiclí dleathach faoi GDPR, ní mór don fhostóir diancheanglais a chomhlíonadh. Níor cheart rianú feithiclí a úsáid chun faireachán ginearálta a dhéanamh ar bhaill foirne. Chun faisnéis bhreise níos fairsinge a fháil, is féidir Treoir maidir leis an topaic seo a rochtain anseo.

## Tréimhsí Coinneála

Téann roinnt tosca i bhfeidhm ar cá fhad a fhéadfaidh fostóir sonraí fostaithe a choinneáil. Mar shampla, is féidir go mbeidh oibleagáidí reachtúla nó treoirlínte tionscail ann lena leagtar na tréimhsí coinneála síos. Chun prionsabal an teorannaithe stórála a chomhlíonadh, is gá na sonraí a choinneáil ar feadh an mhéid is lú ama is gá chun an cuspóir a bhaint amach, á chinntiú ag an am céanna go stórálfar na sonraí in áit shlán agus go scriosfar go slán iad ina dhiaidh sin ag an am ceaptha.

Is iad seo a leanas samplaí de roinnt tréimhsí coinneála a bhfuil feidhm acu maidir le fostóirí, ach ní liosta uileghabhálach é:

| | | |
|---|---|---|
| Mionsonraí fostaithe | 3 bliana | Alt 25 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 |
| Duillíní pá | 3 bliana | Alt 22 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta |
| Saoire do thuismitheoirí/Force Majeure | 8 mbliana | Alt 27 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 |
| Cánachas | 6 bliana | Acht na gCuideachtaí, 2014, agus an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 |
| Timpistí san áit oibre | 10 mbliana | Alt 60 de I.R. Uimh. 44 de 1993 – Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 1993 |

## (e) Cearta Fostaithe

Tá roinnt ceart sonrach ag daoine aonair faoin dlí cosanta sonraí chun go gcoinneofaí iad ar an eolas faoin dóigh a bpróiseáiltear a sonraí pearsanta agus chun rialú a fháil ar an bpróiseáil sin. Tá sé tábhachtach go mbeadh fostóirí eolach ar na cearta sin toisc go mbeidh oibleagáidí áirithe agus creataí ama áirithe le comhlíonadh acu i gcás go mbeidh fostaí ag iarraidh aon cheann de na cearta sin a fheidhmiú. Cé gur as Airteagail 15-22 agus Airteagal 34 GDPR a thagann cearta cosanta sonraí, is iad na cearta is mó úsáid i measc daoine aonair i gcomhthéacs na fostaíochta ná an ceart chun sonraí pearsanta a rochtain (Airteagal 15) agus an ceart go ndéanfaí ceartúcháin (Airteagal 16). Faoi Airteagal 12(3) GDPR, ceanglaítear ar fhostóirí freagra a thabhairt ar iarrataí a rinneadh faoi Airteagail 15-22 laistigh de mhí amháin ón dáta a fuarthas an iarraidh. Féadfar an creat ama sin a fhadú go ceann dhá mhí eile ar a mhéad, agus aird á tabhairt ar chastacht na hiarrata. Ní mór don fhostóir a chur in iúl don fhostaí roimh dhul in éag na chéad mhíosa go mbeidh fadú ama ag teastáil chun plé leis an iarraidh agus ní mór dó a lua cén fáth. Is féidir treoir fhairsing d'fhostóirí agus d'fhostaithe maidir le hiarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí a fháil anseo agus anseo faoi seach.

Cé gurb ann do na cearta sin, ní ann d'aon dearbhchearta agus féadfaidh fostóirí na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair a shrianadh go dleathach ar aon dul le forálacha éagsúla, amhail Airteagal 23 GDPR agus/nó alt 60 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Má tá fostóir ag brath ar na forálacha sin chun na cearta cosanta sonraí atá ag fostaí a shrianadh tar éis don fhostaí sin féachaint leis na cearta atá aige/aici a fheidhmiú, ní mór don fhostóir an fhoráil a bhfuil sé ag brath uirthi a leagan amach.

### An Ceart chun Sonraí Pearsanta a Rochtain

Le hAirteagal 15 GDPR, tugtar ceart do dhaoine aonair cóip dá sonraí pearsanta a iarraidh. Tá siad i dteideal an fhaisnéis atá leagtha amach faoi Airteagal 15(1) a fháil mar chuid d'aon iarraidh a dhéanann siad faoi Airteagal 15 freisin. Ní mór freagra a thabhairt ar na hiarrataí sin saor in aisce agus i bhfoirm inrochtana laistigh den chreat ama sonrach.

Más rud é go mbaineann fostóir leas as seirbhísí próiseálaí sonraí agus go ndéanann fostaí iarraidh chuig an bhfostóir/an rialaitheoir ar rochtain a fháil ar chóip de na sonraí pearsanta a shealbhaíonn an próiseálaí faoi/fúithi, is ar an rialaitheoir sonraí, agus ní ar an bpróiseálaí, a bheidh an fhreagracht as freastal ar an iarraidh rochtana.

### An Ceart go nDéanfaí Ceartúcháin ar Shonraí Pearsanta

Le hAirteagal 16 GDPR, tugtar an ceart chun a shocrú go gceartófaí sonraí míchruinne. Tá sé sin ar aon dul leis an bprionsabal faoi Airteagal 5(1)(d) GDPR á rá go mbeidh sonraí cruinn agus cothrom le dáta.

Ní dearbhcheart é an ceart go ndéanfaí ceartúcháin, áfach, agus beidh sé ag brath ar imthosca na hiarrata. Foráiltear le hAirteagal 16 do 'chríocha na próiseála', is é sin le rá: agus iarraidh ar cheartúcháin á breithniú, ní mór na críocha ar chucu a próiseáladh na sonraí ag an am a chur san áireamh freisin.

## Cás-Staidéir

***Próiseáladh sonraí pearsanta fostaí i ndáil le teagmhas a tharla le linn uaireanta oibre.***

*Rinne fostaí agóid in aghaidh a fhostóir a bheith ag amharc ar phíosaí scannáin TCI a fuair sé ó thríú páirtí chun teagmhas a imscrúdú. Rinne sé agóid in aghaidh a fhostóir a bheith ag úsáid na bpíosaí scannáin sin freisin. Luaigh an fostóir go raibh sé ag úsáid Airteagal 6(1)(b), (c), (e) agus (f) GDPR mar bhunús dlí leis na sonraí pearsanta atá sna píosaí scannáin TCI a phróiseáil le haghaidh imeachtaí araíonachta. Maidir leis an bpróiseáil a rinneadh ar na píosaí scannáin TCI, ar bailíodh iad ó thríú páirtí lena n-úsáid i ndáil le himscrúdú ón bhfostóir, chinn an Coimisiún nach raibh sí i gcomhréir leis na críocha ar chucu a bhailigh an tríú páirtí na píosaí scannáin ar dtús, ba é sin: slándáil foirgnimh, fostaithe agus cuairteoirí.*

***Coinníodh taifid ar loga teagmhas ar choimeád an fostóir é.***

*Bhain an teagmhas seo le fostaí a bheith ag déanamh teagmháil le ball foirne ar a uimhir phríobháideach phearsanta (tar éis dó an uimhir sin a fháil ó leathanach pearsanta an bhaill foirne ar Facebook). D'iarr an fostaí go léirscriosfaí an tuairisc theagmhais. Bhraith an fostóir ar Airteagail 17(3)(b) agus 17(3)(e) GDPR, á rá go raibh oibleagáid air faoin reachtaíocht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas clár rioscaí a choinneáil mar fhostóir agus go bhféadfadh go mbeadh air "éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint", lenar áiríodh aon éileamh a d'fhéadfadh an ball foirne a dhéanamh in aghaidh an fhostóra. Mhol an Coimisiún don fhostóir fostaithe a chur ar an eolas faoin tréimhse coinneála le haghaidh tuairiscí teagmhais den sórt sin sa todhchaí.*

***Suiteáladh ceamaraí TCI san áit oibre gan aon fhógra roimh ré.***

*Bhí imní ar an bhfostaí nach raibh a shonraí pearsanta á bpróiseáil ar bhealach cothrom trédhearcach. Bhraith an fostaí nach raibh críoch dhlisteanach ag a fhostóir leis an mbealach nua ina raibh sé ag úsáid TCI. Ba ghá don Choimisiún a scrúdú cé acu a rinne nó nach ndearna an fostóir tástáil cothromúcháin sular shuiteáil sé na ceamaraí. Tharla sé sa chás seo go ndearna an fostóir tástáil cothromúcháin sular suiteáladh na ceamaraí agus chuir sé an Coimisiún ar an eolas faoi chríocha an chórais TCI, ba iad sin: Sláinte agus Sábháilteacht agus cosaint custaiméirí, fostaithe agus maoine. Chuir an Coimisiún in iúl don fhostaí go raibh leas dlisteanach ag a fhostóir sna sonraí pearsanta a phróiseáil agus go ndearna an fostóir bearta réasúnacha chun a chinntiú go mbeadh a fhostaithe eolach air sin.*

***Suiteáladh ceamaraí TCI san áit oibre.***

*Shuiteáil fostóir ceamaraí TCI i mbunlimistéar na bhfostaithe. Bhraith an fostaí go raibh na ceamaraí TCI iomarcach agus bhí imní air faoi fhaireachán beo agus faoi aon phróiseáil bhreise a dhéanfaí ar phíosaí scannáin chun faireachán a dhéanamh ar fhostaithe. Thug an fostóir tuairisc ar gach ceamara agus ar an riachtanas a bhí ann le gach ceann díobh. Dúirt an fostóir leis an gCoimisiún gur goideadh maoin de chuid na cuideachta. Cé go ndeachaigh an fostóir i dteagmháil le baill foirne tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre chun an mhí-iompraíocht a réiteach, leanadh ar aghaidh léi. Scoireadh di, áfach, tar éis an córas TCI a shuiteáil. Rinne an Coimisiún breithniú ar an leas dlisteanach a bhí ag an bhfostóir ina mhaoin a chosaint, ar na bearta malartacha ar bhreithnigh an fostóir iad agus ar bhain sé triail astu agus ar an bhfíoras nach raibh aon cheamaraí suiteáilte sa seomra sosa ná sa cheaintín. Mhol an Coimisiún don fhostóir gan an córas a úsáid chun faireachán beo a dhéanamh, toisc gur scoireadh den mhí-iompraíocht luaite gan aon ghá le faireachán beo a dhéanamh. Mhol sé freisin don fhostóir gan na píosaí scannáin a phróiseáil tuilleadh chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht a fhoirne.*